Emmet House, Milltown, Dublin 14
Tel: 01 2690677 Email: info@fssu.ie

# Financial Guideline 2019/2020 - 15

**Community & Comprehensive and**
**Voluntary Secondary schools**

## Taxation of Part Time Teachers/Trainers/Tutors/Lecturers

### Payments on or after 1 September 2019

Revenue have advised that from September 1st, 2019 that part-time teachers/trainers/tutors/ lecturers/'one off' lecturers are generally engaged under **a contract of service (employee)** as opposed to a contract for service (self-employed). This includes all personnel involved in providing Transition Year modules, sports coaches, musical directors etc. in schools.

**Accordingly, payments made to such individuals should be processed on the schools' payroll system and made net of statutory deductions for income tax, USC and PRSI under the PAYE system.**

Further information or clarification on any of the issues raised in this guideline can be obtained from the FSSU.

**Tel: 01-269 0677**
info@fssu.ie
*23rd October 2019*

Teach Emmet, Baile an Mhuilinn, Baile Átha Cliath 14
Teil: 01 2690677 R-phost: info@fssu.ie

# Treoirlíne Airgeadais 2019/2020 - 15

**Pobalscoileanna, Scoileanna Cuimsitheacha agus Meánscoileanna Deonacha**

## Cánacha do Mhúinteoirí/Oiliúnóirí/Theagascóirí/Léachtóirí Páirtaimseartha

**Íocaíochtaí ón 1 Meán Fómhair 2019 ar aghaidh**

Tá curtha in iúl ag na Coimisinéirí Ioncaim gurb iondúil go mbeidh múinteoirí/oiliúnóirí/teagascóirí/léachtóirí/léachtóirí 'aon uaire' páirtaimseartha ag obair **faoi chonradh seirbhíse (fostaithe)** seachas faoi chonradh i gcomhair seirbhíse (féinfhostaithe) ón 1 Meán Fómhair 2019 ar aghaidh. Áirítear leis sin gach pearsa a bhfuil baint aige nó aici le modúil Idirbhliana a chur ar fáil, cóitseálaithe spóirt, stiúrthóirí ceoil, srl. i scoileanna.

**Dá réir sin, ba chóir na híocaíochtaí a dhéanfar lena leithéid de dhaoine a phróiseáil trí chóras párolla na scoile agus ba chóir iad a dhéanamh faoin gcóras ÍMAT glan ó asbhaintí reachtúla i leith cáin ioncaim, MSU agus ÁSPC.**

Is féidir tuilleadh eolais nó soiléiriú a fháil ar aon cheann de na saincheisteanna sa treoirlíne seo ach dul i dteagmháil leis an FSSU.

**Fón: 01 269 0677**
info@fssu.ie
*An 23 Deireadh Fómhair 2019*